

**Leabhair bhreise  
do mheánranaganna  
agus ardranaganna**

1. Réaltaí
2. Spréacha
3. Seoda
4. Lasracha
5. Sléibhte
6. Coillte
7. Gleannta
8. Tonnta



CJ Fallon  
Bloc B – Urlár na Talún  
Campas Oifige Gleann na Life  
Baile Átha Cliath 22

[www.cjfallon.ie](http://www.cjfallon.ie)


ISBN 978-0-7144-1060-9



9 780714 410609

# Spréacha

Ar ais arís



**LEABHAR 2**  
Leabhar breise



**SOILSE**



## Focail Nua

### Leathanach


1. cabáiste blasta a chluasa i bhfolach
2. greim suipéar cuma driseacha ar crith
3. Tamall ar thaobh an chnoic
4. deatach spréacha simléar lasracha
5. trí thine teileafón fir dhóiteáin inneall
6. Scaoil cuid dréimire anuas a ghualainn mhúch
7. sa chaisteán túr taibhse Chualamar barr
8. trom cúng i bpríosún fadó saol
9. guth minic imeacht
11. Oifig ag an gcuntar masc gunna
12. thar líonadh dhírigh i gcoinne an bhalla
13. phioc tobann luigh gan bos
14. fiach a mharóimid clúdach Freid Cleas
15. Cabhróidh céanna an-déanach a mháthair d'athair lorg
16. glaoch os ard fothram sioráf
18. aimsir brat leac oighir abhainn cois
19. prátaí bóithre tír sioc cruá
20. os cionn an tí héileacaptar fleá
22. coileach cearca sa chró Mháirseáil fiche
23. beagán fágtha an chéad lá dócha
24. Trí sheachtain ál sicíní déag rompu
25. Bríd lag a thabhairt créatúr Labhair cineálta
26. cead a choimeád ainm i gcónaí
27. ar éill gaoth folamh séideadh Tharraing díon
28. rí scáthán ór seoda grá
29. as an bpálás sa chathair aithin botháin fáth
30. robálaí sciobann uainn
33. go deimhin níos mó pota bád a sheoladh a bheiriú
34. Dé Sathairn seo caite Nóra taobh thiar an chuach cleasaí
35. Éist macalla mar fhreagra
36. A seacht a naoi a deich Táim phléasc

## An coinín agus an sionnach



Tháinig an coinín amach as an ngairdín cabáiste. Bhí sé an-sásta leis féin. "Is maith liom cabáiste deas blasta," ar seisean. Thosaigh sé ag rince le háthas. Bhí a chluasa fada in airde aige. Bhí sionnach i bhfolach faoi thor in aice leis. Ní fhaca an coinín é.

cabáiste      blasta      a chluasa      i bhfolach



rug sé greim air

driseacha

Léim an sionnach amach agus  
rug sé greim ar an gcoinín.

“Beidh suipéar blasta agam anocht,” ar seisean.


“Is cuma liom cad a dhéanfaidh tú liom,” arsa an coinín,

“ach ná caith isteach sna driseacha mé.”

Thosaigh an sionnach ag gáire.

“Ó, ná caith isteach sna driseacha mé,” arsa an coinín arís,  
agus é ar crith le heagla, mar dhea.

greim    suipéar    cuma    driseacha    ar crith



ar thaobh an chnoic

ar buile

Chaith an sionnach an coinín isteach sna driseacha.

Ar an bpointe, phreab an coinín isteach i bpoll.

Tamall ina dhiaidh sin, chonaic an sionnach

an coinín thuas ar thaobh an chnoic.

Bhí an coinín ag rince le háthas agus

bhí a chluasa fada in airde aige.

Bhí an sionnach ar buile.

Tamall    ar thaobh an chnoic

## Teach trí thine

deatach  
spréacha

simléar

lasracha

SIOPA

SIOPA



Tráthnóna amháin bhí Róisín agus Liam  
ag teacht abhaile ón scoil.

“Ó, féach!” arsa Liam.

“Tá deatach ag teacht amach as an teach buí.”

D’fhéach Róisín suas.

Chonaic sí deatach agus spréacha ag teacht amach  
as an simléar.

Nóiméad ina dhiaidh sin, chonaic na páistí lasracha.

Bhí na lasracha i gceann de na seomraí thuas staighre.

deatach

spréacha

simléar

lasracha



dhá inneall dóiteáin

“Tá an teach trí thine,” arsa Róisín.

“Agus tá seanfhear ag an bhfuinneog thuas staighre,”  
arsa Liam.

Rith na páistí isteach i siopa agus  
d’inis siad an scéal don siopadóir.

Chuaigh an siopadóir go dtí an teileafón agus  
ghlaoigh sé ar na fir dhóiteáin.

Tháinig siad go han-tapa ar dhá inneall dóiteáin.

trí thine

teileafón

fir dhóiteáin


inneall



Scaoil cuid de na fir dhóiteáin uisce ar na lasracha.  
 Chuir duine eile acu dréimire suas  
 go dtí an fhuinneog thuas staighre.  
 Suas an dréimire leis ansin.  
 Nóiméad ina dhiaidh sin, tháinig sé anuas agus  
 an seanfhear ar a gualainn aige.  
 Scaoil na fir dhóiteáin a lán uisce ar na lasracha agus  
 mhúch siad an tine.

Scaoil cuid dréimire anuas a gualainn mhúch

## An cailín sa túr



“Ar mhaith libh dul isteach sa chaisleán?” arsa Seán Mór.  
 “Ba mhaith linn,” arsa Liam.  
 “Ba mhaith linn an seomra sa túr a fheiceáil,”  
 arsa Róisín.  
 “Ar chuala sibh an scéal faoin taibhse sa túr?”  
 arsa Seán Mór.  
 “Chualamar,” arsa Liam.  
 Isteach leo sa chaisleán ansin agus  
 suas leo go dtí barr an túir.

sa chaisleán túr taibhse Chualamar barr



Tháinig siad go dtí doras mór trom.  
D'oscail Seán Mór an doras agus  
isteach leo sa seomra beag cúng.


"Bhí cailín bocht i bpríosún sa seomra seo, fadó, fadó,"  
arsa Seán Mór.

"Chaith sí a saol go léir anseo."

"An bhfaca tú an taibhse riamh?" arsa Liam.

"Ní fhaca mise í," arsa Seán Mór.

trom      cúng      i bpríosún      fadó      saol



"Chuala mé go raibh guth an-bhinn ag an gcailín,"  
arsa Róisín.

"Bhí," arsa Seán Mór, "agus chuala daoine a guth  
go minic."

Nuair a bhí Róisín agus Liam ag imeacht ón gcaisleán,  
chuala siad cailín ag canadh.

Chuala siad an guth binn,  
ach ní fhaca siad cailín ar bith.

guth      minic      imeacht

## An t-inneall dóiteáin



Bí-bá! Bí-bá! Síos an bóthar, síos an bóthar,  
Bí-bá! Bí-bá! Go tapa linn chun siúil.

Bí-bá! Bí-bá! Féach an tine, féach an tine,  
Bí-bá! Bí-bá! Múchfar í go luath.

Bí-bá! Bí-bá! Scaoil an t-uisce, scaoil an t-uisce,  
Bí-bá! Bí-bá! Scaoil an t-uisce suas.

Bí-bá! Bí-bá! Tine mhúchta, tine mhúchta,  
Bí-bá! Bí-bá! Is an áit arís go ciúin.

## Máire Rua agus an triúr gadaí



Chuaigh Máire Rua isteach in Oifig an Phoist.  
Chonaic sí triúr fear ina seasamh ag an gcuntar.  
Bhí masc ar gach duine acu.  
Bhí gunna ina láimh ag fear amháin.  
Bhí na daoine go léir ar crith le heagla,  
agus a lámha in airde acu.

Oifig ag an gcuntar masc gunna



ag líonadh

i gcoinne an bhalla

“Isteach libh thar an gcuntar,” arsa fear an ghunna leis an mbeirt eile.

Léim an bheirt isteach thar an gcuntar.

Thosaigh siad ag líonadh airgid isteach i málaí.


Leis sin, dhírih Máire Rua a súile ar an ngunna.

Thit an gunna ar an urlár.

Thit an fear i gcoinne an bhalla.

Ní raibh focal as.

thar líonadh dhírih i gcoinne an bhalla



dhirigh

bualadh bos

D’fhág Máire Rua an fear ina luí ar an urlár agus phioc sí suas an gunna.

Ansin dhírih sí a súile ar an mbeirt eile.

Go tobann, d’eitil siad amach thar an gcuntar.

Thit siad ar an urlár.

Luigh siad ann gan focal astu.


Thug na daoine go léir bualadh bos do Mháire Rua.

Ba ghearr go raibh an triúr gadaí i bpríosún.

phioc tobann luigh gan bos




## “Cabhróidh mise le Daidí”



Chaith na daoine an lá go léir ag fiach,  
ach tháinig siad abhaile gan feoil ar bith.  
“Conas a mharóimid na hainmhithe móra?” arsa duine acu.  
“Déanfaimid poll mór sa choill agus  
cuirfimid clúdach bréige air,” arsa Freid Mór.  
“Cleas an-mhaith,” arsa na daoine eile.  
“Déanfaimid amárach é.”  
Bhí Freid Óg ag éisteacht le gach focal.

fiach a mharóimid clúdach Freid Cleas



Ar maidin, rinne na daoine poll mór agus  
chuir siad clúdach bréige air.  
“Cabhróidh mise le Daidí,” arsa Freid Óg,  
agus rinne sé an rud céanna in áit eile sa choill.  
Bhí sé an-déanach nuair a tháinig Freid Óg abhaile  
an tráthnóna sin.  
“Tá tú an-déanach,” arsa a mháthair.  
“Chuaigh d’athair amach ar do lorg.”

Cabhróidh céanna an-déanach a mháthair  
d’athair lorg



ag glaoch os ard

Rith Freid Óg ar ais go dtí an choill.  
Thosaigh sé ag glaoch os ard ar a athair.  
Go tobann, chuala sé scread ard agus fothram mór.  
“Tá eilifint nó sioráf sa pholl,” arsa Freid Óg,  
agus é ag rith.  
Ach ní eilifint ná sioráf a bhí ann,  
ach a athair, Freid Mór, agus é ar buile.

glaoch os ard fothram sioráf

## Pictiúir agus Comhrá

coinín ag ithe cabáiste blasta  
sionnach i bhfolach



deatach agus spréacha ag teacht  
amach as an simléar  
fir dhóiteáin  
inneall dóiteáin



cailín i bpríosún sa túr  
seomra beag cúng  
taibhse



cuntar  
masc  
gunna  
lámha in airde



poll  
clúdach bréige  
scread agus fothram



## An héileacaptar



Bhí an aimsir an-fhuar.  
Bhí brat sneachta ar an talamh.  
Bhí leac oighir ar gach loch agus ar gach abhainn.  
Bhí Máire agus a hathair ina suí cois na tine  
sa teach beag ar thaobh an chnoic.  
Bhí tine mhaith acu, ach bhí an-ocras orthu.  
Níor ith siad rud ar bith le dhá lá.

aimsir    brat    leac oighir    abhainn    cois



an raidió ar siúl

Ní raibh arán ná prátaí ná aon bhia eile acu sa teach.  
Bhí siad an-fhada ón mbailé mór agus  
bhí na bóithre go léir dúnta ag an sneachta.  
Chuir Máire an raidió ar siúl.  
“Tá sé ag cur sneachta i ngach aon áit sa tír,”  
arsa bean an raidió.  
“Agus beidh sioc crua ann anocht.”

prátaí    bóithre    tír    sioc    crua



Leis sin, chuala siad fothram mór os cionn an tí.  
 Rith siad amach agus  
 chonaic siad beart mór ag teacht anuas as héileacaptar.  
 Thit an beart in aice leo agus  
 d'imigh an héileacaptar leis.  
 "Buíochas le Dia," arsa Máire agus a hathair le chéile.  
 Thug siad isteach an beart agus  
 bhí fleá agus féasta acu.

os cionn an tí

héileacaptar

fleá

## Fothram mór




Bhí éinín beag buí ag eitilt sa spéir,  
 Ag súgradh go sásta lena chairde go léir.

Go tobann sea chuala sé fothram mór thuas,  
 Is chonaic sé éan mór ag eitilt anuas.

Anuas leis an éan mór le fothram is fuaim,  
 Is d'imigh an t-éan beag i bhfolach go ciúin.

Ní baol duit, a éinín, a éinín a chroí –  
 Tá héileacaptar mór ag eitilt na slí.

## An chearc rua



“Coc-a-dúidil-dú,” arsa an coileach go hard.  
Dhúisigh sé na cearca sa chró agus  
dhúisigh sé gach duine sa teach feirme, freisin.  
D'éirigh an feirmeoir agus d'oscail sí doras an chró.  
Mháirseáil an coileach amach.  
Mháirseáil fiche cearc bhán agus cearc rua amháin  
amach ina dhiaidh.  
Thug an feirmeoir a mbricfeasta dóibh.

coileach      cearca      sa chró      Mháirseáil      fiche



D'ith na cearca bána béile mór.  
D'ith an chearc rua an beagán a bhí fágtha.  
Ansin d'imigh sí amach as clós na feirme.  
Níor tháinig sí ar ais an tráthnána sin  
ná an chéad lá eile.  
“D'ith an sionnach í, is dócha,”  
arsa cearc amháin.  
“Is dócha é,” arsa na cearca eile.

beagán      fágtha      an chéad lá      dócha



ál sicíní

Trí sheachtain ina dhiaidh sin, tháinig an chearc rua ar ais. Bhí ál sicíní léi - dhá cheann déag acu. Chuir na feirmeoirí agus na páistí fáilte mhór rompu. Thug siad aire an-mhaith dóibh agus thug siad bia blasta dóibh. Bhí an chearc rua agus na sicíní go sona sásta ón lá sin amach.

Trí sheachtain ál sicíní déag rompu

## Bríd agus a madra



créatúr bocht

lag leis an ocras

Lá amháin, chonaic Bríd madra ina luí ar thaobh an bhóthair. Bhí an t-ainmhí bocht lag leis an ocras. “Caithfidh mé an madra sin a thabhairt abhaile liom, an créatúr bocht,” arsa Bríd. “Agus caithfidh mé bia a thabhairt dó.” Labhair sí go cineálta leis an madra agus ghlaoigh sí air. Lean an madra abhaile í.

Bríd lag a thabhairt créatúr Labhair cineálta



Bhí Bríd agus a máthair an-bhocht,  
 ach thug siad béile maith don mhadra.  
 Bhí an-áthas ar Bhríd  
 nuair a thug a máthair cead di an madra a choimeád.  
 Thug sí Róló mar ainm air agus  
 bhí sí an-chineálta leis i gcónaí.

cead      a choimeád      ainm      i gcónaí



Tráthnóna amháin, chuaigh Bríd amach ag siúl agus  
 Róló ar éill aici.

Thosaigh sé ag cur báistí agus d'éirigh gaoth mhór.  
 Rith Bríd agus Róló isteach i seanteach folamh.  
 Bhí an ghaoth ag séideadh timpeall an tí agus  
 tháinig eagla ar Róló.

Tharraing sé Bríd amach as an seanteach.  
 Leis sin, thit an díon isteach.

Bhí an-áthas ar Bhríd gur tharraing Róló amach í.

ar éill      gaoth      folamh      séideadh      Tharraing  
 díon

## Scáthán an rí



D'fhéach an rí air féin sa scáthán.

Bhí sé an-sásta leis féin.


“Tá ór agus airgead agus seoda agam,” ar seisean.

“Agus tá grá ag gach duine dom.”

“Níl grá ag aon duine duit,” arsa guth a tháinig as an scáthán.

“Ach tá eagla ar na daoine romhat.”

rí scáthán ór seoda grá



An oíche sin, chuir an rí seanéadaí air féin.  
Shleamhnaigh sé amach as an bpálás agus  
shiúil sé isteach sa chathair.

Níor aithin aon duine é.

Chonaic sé daoine bochta agus botháin bheaga  
i ngach áit.

Ach ní fhaca sé pictiúr den rí in áit ar bith.

“Cén fáth nach bhfuil pictiúr den rí in aon teach?”  
ar seisean le seanbhean bocht.

as an bpálás sa chathair aithin botháin fáth





“A chara,” ar sise, “níl rí againn.  
Tá robálaí againn agus sciobann sé gach aon rud uainn.”  
Chuaigh an rí abhaile go dtí an pálás go tapa.  
Thug sé an t-ór agus an t-airgead  
agus na seoda do na daoine bochta.  
Ní robálaí a bhí ag na daoine ón lá sin amach.  
Bhí rí cineálta acu agus bhí grá ag gach duine dó.

robálaí      sciobann      uainn


## An cat sa scáthán



Bhí Pus beag dubh ag súgradh,  
Bhí scáthán ar an mballa –  
Chonaic Pus cat eile  
Ag léim ansin sa halla.

Chonaic sé an cat dubh  
Le ribín álainn bán,  
Níor mhaith le Pus an cat sin  
Ag súgradh sa scáthán.

“Amach leat as an teach seo!  
Amach as seo go tapa!”  
Ach bhuail Pus bocht an scáthán  
Agus ghortaigh sé a lapa.




## Pictiúir agus Comhrá


brat sneachta  
leac oighir  
bóithre dúnta  
ag an sneachta  
héileacaptar



cró na gcearc  
coileach  
cearca  
ál sicíní




madra ar éill  
seanteach folamh  
díon ag titim



scáthán  
pálás  
cathair  
botháin



## An tor cabáiste



Sean-Eoin: Tá rudaí iontacha ar an saol.

Sean-Pháid: Tá, go deimhin.

Sean-Eoin: Tá tor cabáiste agamsa agus tá sé chomh mór le crann.

Sean-Pháid: Chomh mór le crann!

Sean-Eoin: Agus níos mó, b'fhéidir.

Sean-Pháid: Agus tá pota an-mhór agamsa. Nuair a bhíonn sé lán d'uisce, is féidir bád a sheoladh istigh ann.

Sean-Eoin: Ach cad chuige pota mór mar sin?

Sean-Pháid: Chun an tor cabáiste sin agatsa a bheiriú ann.

## An macalla



taobh thiar de chrann

Dé Sathairn seo caite, bhí Bríd amuigh ag siúl.  
Chonaic sí Nóra agus Róisín ag teacht.  
Bhí crann in aice an bhóthair.  
Chuaigh Bríd i bhfolach taobh thiar den chrann.  
“Cucú! Cucú!” arsa Bríd.  
“Ó, an chuach!” arsa Nóra.  
“Ó, an chuach!” arsa an cleasaí  
taobh thiar den chrann.  
“Cucú!” arsa Róisín.  
“Cucú!” arsa an cleasaí.



cuach

Dé Sathairn seo caite  
cleasaí

Nóra

taobh thiar

an chuach



D'fhéach Nóra taobh thiar den chrann.  
“Féach an cleasaí!” ar sise.  
“Fan ansin, a Bhríd,” arsa Róisín.  
“Tá Liam ag teacht.  
Beidh spórt againn leis.”  
“Éist leis an macalla seo,” arsa Róisín le Liam.  
“Yú-hú!” ar sise os ard.  
“Yú-hú!” arsa an macalla mar fhreagra.  
“Hí-há!” arsa Liam.  
“Hí-há!” arsa an macalla.  
“Sin macalla iontach,” arsa Liam.

macalla



Éist


macalla

mar fhreagra



Leis sin, chonaic siad an múinteoir ag teacht.  
 “A mhúinteoir, éist leis an macalla seo,” arsa Nóra.  
 “A haon, a dó, a trí.”  
 “A haon, a dó, a trí,” arsa an macalla mar fhreagra.  
 “A seacht, a hocht, a naoi, a deich,” arsa an múinteoir os ard.  
 “A seacht, a hocht, a naoi, a deich,” arsa an macalla.  
 “Conas tá tú?” arsa an múinteoir ansin.  
 “Táim go maith, buíochas le Dia,” arsa an macalla!  
 Leis sin, phléasc siad go léir amach ag gáire.

A seacht      a naoi      a deich      Táim      phléasc



## Macalla

Hí-há!

Hí-há!

Yú-hú!

Nuair a bhí mé ag siúl ar na sléibhte go moch,  
 Bhí macalla iontach le cloisteáil ón gcnoc.  
 Bhéic mé go hard agus bhéic mé go géar,  
 Is d’fhreagair mo ghuth mé ó na sléibhte i gcéin.  
 Lá eile nuair a bhí mé ag siúl ar an trá,  
 Bhéic mé go géar agus bhéic mé go hard,  
 Ghlaoigh mé “Hí-há!” agus ghlaoigh mé “Yú-hú!”  
 Ach d’fhan an macalla sa bhaile go ciúin.

## Ag ní an chairr



- Seán: A Mhamaí, ba mhaith liom dul go dtí an sorcas.  
Mamaí: Tá go maith.  
Seán: Ach níl aon airgead agam, a Mhamaí.  
Mamaí: Agus cá bhfuil an t-airgead póca a thug mé duit?  
Seán: Chaith mé sa siopa é.  
Mamaí: Má níonn tú an carr dom tabharfaidh mé airgead duit.  
Seán: Nífidh mé é agus glanfaidh mé é freisin, a Mhamaí.  
Mamaí: Déan go maith é.

póca Má níonn Nífidh glanfaidh



- Chuaigh Seán amach agus thosaigh sé ag ní agus ag glanadh. Thóg sé an piobán uisce ina lámh. Scaoil sé go leor uisce ar an gcarr. Ba ghearr go raibh an carr go deas glan. Chuaigh Seán isteach sa teach ansin agus é an-sásta lena chuid oibre.

ag ní ag glanadh piobán go leor  
lena chuid oibre



“A Mhamaí, tá snas breá ar an gcarr anois,”  
arsa Seán.

“Seo dhuit punt mar sin,” arsa Mamaí.

“Go raibh míle maith agat,” arsa Seán,  
agus d’imigh sé leis.

Tar éis tamaill, chuaigh Mamaí amach.

Bhí snas breá ar an gcarr.

Ach nuair a d’oscail Mamaí an doras,  
rith tuile mhór uisce amach.

“D’fhág Seán na fuinneoga ar oscailt,” arsa Mamaí.

“Fan go dtiocfaidh sé abhaile!”

snas    punt    tuile    ar oscailt

## Cleas an-mhaith



Lá amháin, chuaigh an cat isteach sa choill.

Chonaic sé an sionnach ann.

“Ní thagann tú isteach anseo go minic,”  
arsa an sionnach leis.

“Bíonn eagla orm roimh na cúnna,” arsa an cat.

“Ní chuireann siad aon eagla ormsa,” arsa an sionnach,  
“mar tá na mílte cleas agam.”

“Nach breá duit!” arsa an cat.

“Níl agamsa ach an t-aon chleas amháin.”


Ní thagann    roimh    cúnna    mílte



ar a thóir

Leis sin, chuala siad na cúnna ag teacht.  
Tháinig scanradh ar an gcat.  
Suas leis ar chrann mór ard.  
“Bí ag féachaint ormsa anois,” arsa an sionnach,  
“agus múinfidh mé cúpla cleas duit.”  
Thosaigh an sionnach ag rith ansin.  
Chonaic na cúnna é agus  
rith siad ar a thóir.

múinfidh ar a thóir




ag casadh mar seo agus mar siúd

Thosaigh an sionnach ag casadh  
mar seo agus mar siúd.  
Bhí na mílte cleas aige.  
Ach d'fhan na cúnna fós ar a thóir.  
Faoi dheireadh, rug na cúnna air agus  
mharaigh siad é.  
Tar éis tamaill, d'imigh na cúnna.  
Tháinig an cat anuas den chrann ansin agus  
d'imigh sé abhaile go sásta.

ag casadh siúd

## Bualadh bos do Nóra




ag imirt cluichí

ag titim isteach san abhainn

Bhí na páistí ag imirt cluichí sa pháirc cois na habhann.  
Bhí an-spórt acu.  
Ach ní raibh Nóra ag imirt cluichí.  
Bhí sí bacach.  
Go tobann, chuala na páistí scread ard.  
Bhí Liam Óg tar éis titim isteach san abhainn.

cluichí      bacach      titim




ag screadadh

an snámh go han-mhaith aici

Thosaigh na páistí ag screadadh,  
ach léim Nóra isteach san abhainn.  
Bhí an snámh go han-mhaith aici.  
Thum sí faoin uisce, rug sí ar Liam agus  
tharraing sí amach é.  
Chuaigh beirt de na páistí abhaile le Liam.  
Chuaigh Nóra abhaile léi féin.  
Isteach léi sa teach go ciúin.  
Chuir sí éadaí tiorma uirthi féin agus  
ní raibh focal aisti.

ag screadadh      Thum      tiorma





Ach ba ghearr gur chuala a máthair agus a hathair  
 an scéal.  
 Chuala siad é nuair a tháinig  
 máthair agus athair Liam go dtí an teach.  
 Bhí bronntanas mór acu do Nóra.  
 “Is í an cailín is fearr in Éirinn í,”  
 arsa gach duine acu.  
 Ar maidin, nuair a chuaigh Nóra ar scoil,  
 thug na múinteoirí agus na páistí bualadh bos mór di.

in Éirinn

## An abhainn




Éist le glór na habhann  
 Ag rince tríd an ngleann,  
 Ritheann sí go haerach  
 Le gáire is le greann.

Léimeann sí thar chlocha  
 Isteach faoin droichead buí,  
 Ritheann sí amach arís  
 Go tapa ar a slí.


Tugann sí deoch uisce  
 Don chapall is don bhó,  
 Ag rith gan stad gan staonadh  
 Go dtí an fharraige mhór.

## Pictiúir agus Comhrá


an chuach  
an cleasaí  
éist leis an macalla




píobán  
ag ní  
tuile mhór



múinfidh mé cúpla cleas duit  
cúnna ar a thóir



ag imirt cluichí  
thum sí faoin uisce  
éadaí fliucha  
éadaí tiorma



38. póca Má níonn Nífidh glanfaidh
39. ag ní ag glanadh píobán go leor  
lena chuid oibre
40. snas punt tuile ar oscailt
41. Ní thagann roimh cúnna mílte
42. múinfidh ar a thóir
43. ag casadh siúd
44. cluichí bacach titim
45. ag screadadh Thum tiorma
46. in Éirinn

Tá na focail nua i gcló trom ag bun gach leathanaigh.

Foilsithe ag  
CJ Fallon  
Bloc B – Urlár na Talún  
Campas Oifige Gleann na Life  
Baile Átha Cliath 22

© CJ Fallon

An Chéad Eagrán Márta 1989  
An tEagrán seo Deireadh Fómhair 2012

Gach ceart ar cosaint. Tá cosc ar aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a tharchur, ar chuma ar bith nó trí mheán ar bith, pé acu trí mheán leictreonach nó meicniúil nó fótachóipeála nó trí mheán ar bith eile, gan cead an fhoilsitheora a fháil roimh ré.

Clóbhuailte in Éirinn ag  
Turner Print Group  
An Longfort